C/2023/1453

6.12.2023

Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas, ar leasú ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2023/1453)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Bordeaux'

PDO-FR-A0821-AM08

Dáta teachtaireachta: 5.9.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Cód Geografach Oifigiúil**

leasaíodh an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil do liosta na mbardas sa limistéar geografach agus sa limistéar díreach i ngaireacht dó.

Ní dhearnadh aon athrú ar theorainneacha an limistéir.

Leasaíodh pointí 6 agus 9 den doiciméad aonair.

2. **Cineálacha fíniúna**

Leasaíodh an liosta de chineálacha tánaisteacha chun cineálacha spéisiúla a thabhairt le haghaidh a n-oiriúnaithe.

Tá teorainn curtha freisin le cion na gcineálacha sin in aghaidh an ghabháltais agus, an tráth céanna, cumasc na mbaisceanna fíona atá beartaithe lena margú.

Ní dhearna na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm nó ainmneacha**

Bordeaux

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon/ar na fíonta**

1. *Fíonta geala socra géara*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann an méid a leanas leis na fíonta geala tirime socra:

— neart alcóil nádúrtha íosta 10 % de réir toirte;

— cion siúcra inchoipthe ≤ 3 g/l. Féadtar é seo a mhéadú go 5 g/l má tá an aigéadacht iomlán ≥ 2,7 g/l H_2SO_4.

Tar éis an tsaibhrithe, is é ≤ 13 % de réir toirte an neart alcóil iomlán.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid a leanas acu:

— aigéadacht luaineach ≤ 13,26 meq/l

— cion SO_2 iomlán ≤ 180 mg/l

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Fíonta bána géara a dhéantar as an gcineál Sauvignon B, tá siad an-aramatach úr agus tá blas toraidh bláthach citreach orthu. Sémillon B is cúis leis an tathag agus an saibhreas agus is é Muscadelle B is cúis leis na dea-bholaithe bláthanna. I gcumaisc, tugann na cineálacha tánaisteacha dea-bholaithe aigéadachta agus citris chun cinn. Tá na fíonta seo a mhúchann tart an-oiriúnach lena dtomhailt go luath (1 nó 2 bhliain).

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	200

2. *Fíonta geala socra ina bhfuil siúcraí iarmharacha*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann an méid seo a leanas le fíonta geala socra ina bhfuil siúcraí inchoipthe:

— neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte;

— tá cion siúcra inchoipthe idir > 5 g/l agus ≤ 60 g/l iontu.

Tar éis an tsaibhrithe, is é ≤ 13,5 % de réir toirte an neart alcóil iomlán.

Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid a leanas acu:

— aigéadacht luaineach ≤ 13,26 meq/l

— cion SO2 iomlán ≤ 250 mg/l

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Tá na fíonta geala ina bhfuil siúcraí inchoipthe bunaithe ar chineál Sémillon B, a thugann fíonta tathagacha, iomlána a bhfuil dath órga orthu agus dea-bholaithe torthaí criostalaithe, a dhéantar a chumasc uaireanta le Sauvignon B chun úire a chur leo. Cé gur féidir na fíonta a aosú ar feadh cúpla bliain, is féidir taitneamh a bhaint astu agus iad ina bhfíonta óga.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	250

3. *Fíonta rosé socra*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann an méid a leanas le fíonta rosé socra:

— neart alcóil nádúrtha íosta 10 % de réir toirte;

— cion siúcra inchoipthe ≤ 3 g/l. Féadtar é seo a mhéadú go 5 g/l má tá an aigéadacht iomlán ≥ 2,7 g/l $H2SO_4$.

— déine datha mhodhnaithe (OD 420 + OD 520 + OD 620) de ≤ 1,1.

— Tar éis an tsaibhrithe, is é ≤ 13 % de réir toirte an neart alcóil iomlán.

— Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid seo a leanas acu:

— aigéadacht luaineach ≤ 13,26 meq/l

— cion SO2 iomlán ≤ 180 mg/l

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Ar na fíonta rosé tá dath idir bándearg éadrom agus bándearg níos déine de réir na teicníce a úsáidtear (fáscadh díreach, maothú éadrom nó sileadh/draenáil) agus raon dea-bholaithe torthaí nó bláthanna a bhfuil struchtúr cothromaithe mar bhonn agus mar thaca acu ina gcuimsítear iomláine agus beocht. Tá siad tathagach sa bhéal. Tá na fíonta seo oiriúnach lena dtomhailt go luath (1 nó 2 bliain).

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	200

4. *Fíonta dearga socra*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann an méid seo a leanas le fíonta dearga socra:

— neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte;

— cion siúcra inchoipthe ≤ 3 g/l.

— cion aigéid mhalaigh ≤ 0,3 g/l.

Tar éis an tsaibhrithe, is é ≤ 13,5 % de réir toirte an neart alcóil iomlán.

Sula ndéantar iad a phacáistiú, tá an méid a leanas acu:

— aigéadacht luaineach ≤ 13,26 meq/l

— cion SO2 iomlán ≤ 140 mg/l

Comhlíonann na caighdeáin anailíseacha eile rialacha an Aontais.

Na fíonta dearga, arb é Merlot N an príomhchineál iontu, is minic a bhíonn siad bog, tá blas torthaí orthu agus níl siad an-aigéadach. I mblianta dea-aibíochta, is féidir úire a chur leo trí bhíthin aigéadacht na gcineálacha Petit Verdot N agus Cot N. Mar sin féin, is é Merlot N le Cabernet Sauvignon N an príomhchumasc agus, ar bhonn níos lú, le Cabernet Franc N, dhá shaghas lena dtugtar castacht dea-bholaithe agus cumhacht thainneach do na fíonta a ligeann dóibh a gcumhracht a chothabháil agus a fhorbairt.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (% de réir toirte)	
Aigéadacht iomlán íosta	ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht sho-ghalaithe uasta (milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (milleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. **Cleachtais fhíonireachta**

5.1. ***Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha***

1. Dlús plandaithe — spásáil

Cleachtas saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha (maidir le dáileachtaí a cuireadh ón 1 Lúnasa 2008). Ní fhéadfaidh spásáil is mó ná 2,50 méadar a bheith idir na rónna ná ní fhéadfaidh spásáil is lú ná 0,85 méadar a bheith ar an ró céanna; Féadfar an dlús seo a laghdú go 3 300 planda in aghaidh an heicteáir. Sa chás sin, ní fhéadfaidh an spásáil idir rónna na bhfíniúnacha a bheith níos mó ná 3 mhéadar agus an spásáil idir plandaí ar an ró céanna, ní fhéadfaidh sí a bheith níos lú ná 0,85 méadar.

2. Rialacha prúnála

Cleachtas saothraithe

Ní cheadaítear ach gearrphrúnáil agus fadphrúnáil. Maidir leis na cineálacha fíonchaor Merlot N, Sémillon B agus Muscadelle B, ní cheadaítear líon na mbachlóg le linn prúnála a bheith níos mó ná 45 000 in aghaidh an heicteáir agus 18 in aghaidh an phlanda. Maidir leis na cineálacha eile, lena n-áirítear Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Sauvignon B agus Sauvignon Gris G, ní cheadaítear líon áireamh na mbachlóg le linn prúnála a bheith níos mó ná 50 000 in aghaidh an heicteáir agus 20 in aghaidh an phlanda. Tar éis díbhachlú a dhéanamh, ní cheadaítear níos mó ná an méid a leanas maidir le géaga torthaí in aghaidh an phlanda:

— le haghaidh na gcineálacha fíonchaor Merlot N, Sémillon B agus Muscadelle B, 12 ghéag in aghaidh an phlanda más é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó an dlús plandála fíniúnacha, agus 15 ghéag in aghaidh an phlanda más lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála fíniúnacha;

— i gcás na gcineálacha eile, lena n-áirítear Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Sauvignon B agus Sauvignon Gris G, 14 ghéag in aghaidh an phlanda más é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir nó níos mó an dlús plandála fíniúnacha, agus 17 ngéag in aghaidh an phlanda más lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir an dlús plandála fíniúnacha. Déantar an phrúnáil ag céim na nduilleog neamhfhillte (céim 9 Lorenz) ar a dhéanaí. Déantar díbhachlú roimh fhás torthaí.

3.

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Ceadaítear gualach fíonóireachta a úsáid le haghaidh úrfhíonta i dtáirgeadh fíonta rosé seachas na cinn atá incháilithe chun an tásc 'clairet' a úsáid, i gcion nach mó ná 20 % de thoirt an fhíona rosé arna táirgeadh ag an ndéantóir fíona lena mbaineann, le haghaidh na buainte i gceist.

4. An saibhriú

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Ceadaítear saibhriú trí thiúchán páirteach i gcás na bhfíonta dearga, faoi réir theorainn tiúchana 15 % le haghaidh na dtoirteanna a shaibhrítear ar an modh seo. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná:

— 13,5 % i gcás fíonta dearga agus fíonta geala ina bhfuil siúcraí inchoipthe;

— 13 % i gcás fíonta rosé agus fíonta geala géara.

5.2. ***Uastáirgeacht***

1. Fíonta geala socra (géar agus siúcraí inchoipthe iontu)

   77 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta rosé socra

   72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Fíonta dearga socra — dlús plandála fíniúnacha ≥ 4 000 planda/ha

   68 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Fíonta dearga socra — dlús plandála fíniúnacha ≥ 4 000 planda/ha

   64 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuain, an fhíonóireacht agus na fíonta a tháirgeadh agus a aosú ar chríoch na mbardas seo a leanas de chuid roinn Gironde, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil an 1 Eanáir 2022:

Abzac, Aillas, Ambarès-et-Lagrave, Ambès, Anglade, Arbanats, Arcins, Arsac, Artigues-près-Bordeaux, Arveyres, Asques, Aubiac, Auriolles, Auros, Avensan, Ayguemorte-les-Graves, Bagas, Baigneaux, Barie, Baron, Barsac, Bassanne, Bassens, Baurech, Bayas, Bayon-sur-Gironde, Bazas, Beautiran, Bégadan, Bègles, Béguey, Bellebat, Bellefond, Belvès-de-Castillon, Bernos-Beaulac, Berson, Berthez, Beychac-et-Caillau, Bieujac, Birac, Blaignac, Blaignan-Prignac, Blanquefort, Blasimon, Blaye, Blésignac, Bommes, Bonnetan, Bonzac, Bordeaux, Bossugan, Bouliac, Bourdelles, Bourg, Branne, Brannens, Braud-et-Saint-Louis, Brouqueyran, Bruges, Budos, Cabanac-et-Villagrains, Cabara, Cadarsac, Cadaujac, Cadillac, Cadillac-en-Fronsadais, Camarsac, Cambes, Camblanes-et-Meynac, Camiac-et-Saint-Denis, Camiran, Camps-sur-l'Isle, Campugnan, Canéjan, Capian, Caplong, Carbon-Blanc, Cardan, Carignan-de-Bordeaux, Cars, Cartelègue, Casseuil, Castelmoron-d'Albret, Castelnau-de-Médoc, Castelviel, Castets et Castillon, Castillon-la-Bataille, Castres-Gironde, Caudrot, Caumont, Cauvignac, Cavignac, Cazats, Cazaugitat, Cénac, Cenon, Cérons, Cessac, Cestas, Cézac, Chamadelle, Cissac-Médoc, Civrac-de-Blaye, Civrac-sur-Dordogne, Civrac-en-Médoc, Cleyrac, Coimères, Coirac, Comps, Coubeyrac, Couquèques, Courpiac, Cours-de-Monségur, Cours-les-Bains, Coutras, Coutures, Créon, Croignon, Cubnezais, Cubzac-les-Ponts, Cudos, Cursan, Cussac-Fort-Médoc, Daignac, Dardenac, Daubèze, Dieulivol, Donnezac, Donzac, Doulezon, Escoussans, Espiet, Etauliers, Eynesse, Eyrans, Eysines, Faleyras, Fargues, Fargues-Saint-Hilaire, Flaujagues, Floirac, Floudès, Fontet, Fossés-et-Baleyssac, Fours, Francs, Fronsac, Frontenac, Gabarnac, Gaillan-en-Médoc, Gajac, Galgon, Gans, Gardegan-et-Tourtirac, Gauriac, Gauriaguet, Générac, Génissac, Gensac, Gironde-sur-Dropt, Gornac, Gours, Gradignan, Grayan-et-l'Hôpital, Grézillac, Grignols, Guillac, Guillos, Guîtres, Haux, Hure, Illats, Isle-Saint-Georges, Izon, Jau-Dignac-et-Loirac, Jugazan, Juillac, La Brède, La Lande-de-Fronsac, La Réole, La Rivière, La Roquille, La Sauve, Labarde, Labescau, Ladaux, Lados, Lagorce, Lalande-de-Pomerol, Lamarque, Lamothe-Landerron, Landerrouat, Landerrouet-sur-Ségur, Landiras, Langoiran, Langon, Lansac, Lapouyade, Laroque, Laruscade, Latresne, Lavazan, Le Bouscat, Le Fieu, Le Haillan, Le Nizan, Le Pian-Médoc, Le Pian-sur-Garonne, Le Pout, Le Puy, Le Taillan-Médoc, Le Tourne, Le Verdon-sur-Mer, Léogeats, Léognan, Les Artigues-de-Lussac, Les Billaux, Les Eglisottes-et-Chalaures, Les Esseintes, Les Lèves-et-Thoumeyragues, Les Peintures, Les Salles, Lesparre-Médoc, Lestiac-sur-Garonne, Libourne, Lignan-de-Bazas, Lignan-de-Bordeaux, Ligueux, Listrac-de-Durèze, Listrac-Médoc, Lormont, Loubens, Loupes, Loupiac, Loupiac-de-la-Réole, Ludon-Médoc, Lugaignac, Lugasson, Lugon-et-l'Ile-du-Carnay, Lussac, Macau, Madirac, Maransin, Marcenais, Margaux-Cantenac, Margueron, Marimbault, Marions, Marsas, Martignas-sur-Jalle, Martillac, Martres, Masseilles, Massugas, Mauriac, Mazères, Mazion, Mérignac, Mérignas, Mesterrieux, Mombrier, Mongauzy, Monprimblanc, Monségur, Montagne, Montagoudin, Montignac, Montussan, Morizès, Mouillac, Mouliets-et-Villemartin, Moulis-en-Médoc, Moulon, Mourens, Naujac-sur-Mer, Naujan-et-Postiac, Néac, Nérigean, Neuffons, Noaillac, Noaillan, Omet, Ordonnac, Paillet, Parempuyre, Pauillac, Pellegrue, Périssac, Pessac, Pessac-sur-Dordogne, Petit-Palais-et-Cornemps, Peujard, Pineuilh, Plassac, Pleine-Selve, Podensac, Pomerol, Pompéjac, Pompignac, Pondaurat, Porchères, Porte-de-Benauge, Portets, Préchac, Preignac, Prignac-et-Marcamps, Pugnac, Puisseguin, Pujols, Pujols-sur-Ciron, Puybarban, Puynormand, Queyrac, Quinsac, Rauzan, Reignac, Rimons, Riocaud, Rions, Roaillan, Romagne, Roquebrune, Ruch, Sablons, Sadirac, Saillans, Saint-Aignan, Saint-André-de-Cubzac, Saint-André-du-Bois, Saint-André-et-Appelles, Saint-Androny, Saint-Antoine-du-Queyret, Saint-Antoine-sur-l'Isle, Saint-Aubin-de-Blaye, Saint-Aubin-de-Branne, Saint-Aubin-de-Médoc, Saint-Avit-de-Soulège, Saint-Avit-Saint-Nazaire, Saint-Brice, Saint-Caprais-de-Bordeaux, Saint-Christoly-de-Blaye, Saint-Christoly-Médoc, Saint-Christophe-de-Double, Saint-Christophe-des-Bardes, Saint-Cibard, Saint-Ciers-d'Abzac, Saint-Ciers-de-Canesse, Saint-Ciers-sur-Gironde, Sainte-Colombe, Saint-Côme, Sainte-Croix-du-Mont, Saint-Denis-de-Pile, Saint-Emilion, Saint-Estèphe, Saint-Etienne-de-Lisse, Sainte-Eulalie, Saint-Exupéry, Saint-Félix-de-Foncaude, Saint-Ferme, Sainte-Florence, Sainte-Foy-la-Grande, Sainte-Foy-la-Longue, Sainte-Gemme, Saint-Genès-de-Blaye, Saint-Genès-de-Castillon, Saint-Genès-de-Fronsac, Saint-Genès-de-Lombaud, Saint-Genis-du-Bois, Saint-Germain-de-Grave, Saint-Germain-de-la-Rivière, Saint-Germain-d'Esteuil, Saint-Germain-du-Puch, Saint-Gervais, Saint-Girons-d'Aiguevives, Sainte-Hélène, Saint-Hilaire-de-la-Noaille, Saint-Hilaire-du-Bois,

Saint-Hippolyte, Saint-Jean-de-Blaignac, Saint-Jean-d'Illac, Saint-Julien-Beychevelle, Saint-Laurent-d'Arce, Saint-Laurent-des-Combes, Saint-Laurent-du-Bois, Saint-Laurent-du-Plan, Saint-Laurent-Médoc, Saint-Léon, Saint-Loubert, Saint-Loubès, Saint-Louis-de-Montferrand, Saint-Macaire, Saint-Magne-de-Castillon, Saint-Maixant, Saint-Mariens, Saint-Martial, Saint-Martin-de-Laye, Saint-Martin-de-Lerm, Saint-Martin-de-Sescas, Saint-Martin-du-Bois, Saint-Martin-du-Puy, Saint-Martin-Lacaussade, Saint-Médard-de-Guizières, Saint-Médard-d'Eyrans, Saint-Médard-en-Jalles, Saint-Michel-de-Fronsac, Saint-Michel-de-Lapujade, Saint-Michel-de-Rieufret, Saint-Morillon, Saint-Palais, Saint-Pardon-de-Conques, Saint-Paul, Saint-Pey-d'Armens, Saint-Pey-de-Castets, Saint-Philippe-d'Aiguille, Saint-Philippe-du-Seignal, Saint-Pierre-d'Aurillac, Saint-Pierre-de-Bat, Saint-Pierre-de-Mons, Saint-Quentin-de-Baron, Saint-Quentin-de-Caplong, Sainte-Radegonde, Saint-Romain-la-Virvée, Saint-Sauveur, Saint-Sauveur-de-Puynormand, Saint-Savin, Saint-Selve, Saint-Seurin-de-Bourg, Saint-Seurin-de-Cadourne, Saint-Seurin-de-Cursac, Saint-Seurin-sur-l'Isle, Saint-Sève, Saint-Sulpice-de-Faleyrens, Saint-Sulpice-de-Guilleragues, Saint-Sulpice-de-Pommiers, Saint-Sulpice-et-Cameyrac, Sainte-Terre, Saint-Trojan, Saint-Vincent-de-Paul, Saint-Vincent-de-Pertignas, Saint-Vivien-de-Blaye, Saint-Vivien-de-Médoc, Saint-Vivien-de-Monségur, Saint-Yzan-de-Soudiac, Saint-Yzans-de-Médoc, Salaunes, Salleboeuf, Samonac, Saucats, Saugon, Sauternes, Sauveterre-de-Guyenne, Sauviac, Savignac, Savignac-de-l'Isle, Semens, Sendets, Sigalens, Sillas, Soulac-sur-Mer, Soulignac, Soussac, Soussans, Tabanac, Taillecavat, Talais, Talence, Targon, Tarnès, Tauriac, Tayac, Teuillac, Tizac-de-Curton, Tizac-de-Lapouyade, Toulenne, Tresses, Uzeste, Val-de-Livenne, Val de Virvée, Valeyrac, Vayres, Vendays-Montalivet, Vensac, Vérac, Verdelais, Vertheuil, Vignonet, Villandraut, Villegouge, Villenave-de-Rions, Villenave-d'Ornon, Villeneuve, Virelade, Virsac, Yvrac.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Carmenère N

Cot N — Malbec

Merlot N

Muscadelle B

Petit Verdot N

Sauvignon B — Sauvignon blanc

Sauvignon Gris G — Fié Gris

Semillon B

8. **Tuairisc ar an nasc/na naisc**

Tairbhíonn an réigiún leathan seo de dhálaí aeráide measartha aonchineálacha atá fabhrach do tháirgeadh an fhíona: suíomh gar do dhobharlaigh mhóra (an tAigéan Atlantach, inbhear Gironde, gleannta Garonne agus Dordogne), a bhfuil ról tábhachtach acu i rialáil na teochta. Mar sin féin, tionchar seo an aigéin maidir le fuacht an earraigh a mhaolú, téann sé i laghad de réir mar a imítear ón bhfarraige nó na gleannta mór, i dtreo limistéir foraoise Landes, Saintonge agus Double Périgourdine. Is é an méid sin is cúis leis an laghad fíonghort atá le fáil ar imill thuaidh agus thiar-theas an limistéir gheografaigh. Síneann an limistéar anonn thar níos mó ná 494 de na 535 bardas i roinn Gironde, gan an chuid thiar theas a áireamh, a thugtar d'fhoraoiseacht seachas fíonsaothrúchán.

Is in aeráid aigéanach a fhástar cineálacha fíonchaor Bordeaux, agus ón seachtú agus an t-ochtú haois déag i leith, ní mór dóibh échalas [cuaillí taca] agus ina dhiaidh sin treilísí forleathana chun buain fhíonchaor dea-dháilte a áirithiú chomh maith le hachar duillí atá leordhóthanach le haghaidh sintéis cheart clóraifille agus barr aibíochta. Mar thoradh ar na cineálacha éagsúla ithreacha agus nochta tá cineálacha éagsúla á roghnú agus á n-oiriúnú de réir shaintréithe an chomhshaoil. Dá réir sin is féidir ceithre chineál ar leith a aithint:

— ithreacha cré-aoilchloiche agus ithreacha marl aolchloiche, atá scaipthe go forleathan ar fud na bhfánaí ina bhfuil Merlot N á shaothrú go forleathan;

— créanna siliciúla measctha le créanna agus eilimintí aolchloiche a oireann go rímhaith do Merlot N agus Sauvignon B, mar shampla;

— 'boulbènes' le heilimintí siliciúla míne, arb iad atá iontu ithreacha níos éadroime, atá oiriúnaithe do tháirgeadh fíonta bána géara;

— ithreacha gairbhéalacha comhdhéanta de ghairbhéal, grianchloch dhobharchaite agus gaineamh measartha garbh arb é atá iontu ardáin gharbha den chuid is mó atá dea-dhraenáilte, te agus fíoroiriúnach d'fhiniúnacha agus do Cabernet-Sauvignon N go háirithe.

Mar thoradh ar chomhoiriúnacht na gcineálacha éagsúla fíonchaor, éagsúlacht na timpeallachta bithfhisicí, an chaoi a dtugtar aire do na fíniúnacha agus an próiseas fíonóireachta táirgtear fíonta lena mbaineann stíl ar leith, arb iad is saintréith iontu an-saibhreas dea-bholaithe. A bhuí lena chalafort agus dlúthnaisc stairiúla le náisiúin eile,

lena ndearnadh trádáil láidir dea-eagraithe as calafort Bordeaux a fhorbairt, agus go raibh fíonghoirt an réigiúin dírithe i gcónaí ar an gcuid eile den domhan agus dá bharr sin bhíothas in ann leas a bhaint as nuálaíochtaí teicniúla agus iad a scaipeadh, nuálaíochtaí a d'éirigh siad níos dinimiciúla agus lena rabhthas in ann a saineolas a neartú, a fhorbairt agus a onnmhairiú. Mar thoradh ar phósadh Eleanor, Bandiúc na hAcatáine, in 1152 le Henry Plantagenet, léiroidhre Shasana, tháinig rath ar an trádáil mar gur thosaigh na Sasanaigh ag allmhairiú fíonta Bordeaux, ar thug siad 'cláiréad' orthu mar gheall ar an dath éadrom atá orthu. Tá an traidisiún buanaithe le tamall fada agus san lá atá inniu ann

is faoi na tásca 'clairet' agus 'claret' a leantar de. Sa 17ú haois, thosaigh ré nua tráchtála mar gur tháinig tomhaltóirí nua chun cinn. Tá onnmhairí ina gcuid mhór de dhíolacháin fhíonta Bordeaux go fóill. Seoltar trian den toirt a tháirgtear chuig níos mó ná 150 tír. Chabhraigh táirgeadh fíona ag a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh rialaithe, acmhainn riachtanach

de chuid roinn Gironde — go mór le múnlú na dtírdhreach tuaithe agus uirbeach agus na hailtireachta áitiúla (caisleáin ina ndéantar fíonsaothrúchán agus fíonlanna). Is calafoirt ar aibhneacha iad príomhbhailte agus cathracha na roinne a d'fhorbair i limistéar na trádála fíona.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar i ndlúthghaireacht

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll breise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Cuimsítear sa limistéar in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aosú, atá incháilithe chun ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Bordeaux' a úsáid (cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear an tásc 'clairéad' leo) na bardais seo a leanas, i.e. ar bhonn an chóid gheografaigh oifigiúil a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022:

— Roinn Dordogne: Le Fleix, Fougueyrolles, Gageac-et-Rouillac, Gardonne, Minzac, Pomport, Port-Sainte-Foy-et-Ponchapt, Razac-de-Saussignac, Saint-Antoine-de-Breuilh, Saint-Seurin-de-Prats, Saussignac, Thénac agus Villefranche-de-Lonchat.

— Roinn Lot-et-Garonne: Baleyssagues, Beaupuy, Cocumont, Duras, Esclottes, Lagupie, Loubès-Bernac, Sainte-Colombe-de-Duras, Savignac-de-Duras agus Villeneuve-de-Duras.

Ainmneacha geografacha — tásca forlíontacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadtar 'Bordeaux' a bhfuil ATFC aige a fhorlíonadh leis an tásc 'claret' le haghaidh fíonta dearga agus an tásc 'clairet' le haghaidh fíonta dorcha rosé i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos maidir leis na cineálacha fíona sin, go háirithe maidir leis na caighdeáin anailíseacha.

I gcás fíonta geala, féadtar 'Bordeaux' a bhfuil ATFC aige a fhorlíonadh leis an ainm geografach 'Haut-Benauge' i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos don tsonraíocht gheografach fhorlíontach sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an limistéar geografach, cineálacha fíniúnacha, táirgeacht agus caighdeáin anailíseacha.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ba cheart an t-ainm geografach 'Haut-Benauge' a bheith le feiceáil díreach tar éis ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Bordeaux' i litreacha nach bhfuil níos mó, ó thaobh airde ná leithead de, ná na litreacha atá mar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Na fíonta geala a bhfuil cion siúcra inchoipthe níos mó ná 5 g/l agus níos lú ná 60 g/l iontu cion siúcra inchoipthe an fhíona, cuirtear ar fáil iad agus an tásc ar chion reatha an fhíona leo, mar atá sainmhínithe i reachtaíocht an Aontais.

Aonad geografach níos mó

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadtar fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint seo acu an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Bordeaux' a shonrú ar a lipéid. Ó thaobh airde ná leithead de, níor cheart gur mhó méid na litreacha a úsáidtear don aonad geografach níos leithne seo ná dhá thrian de mhéid na litreacha san ainm ar an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-0d742d0f-4323-4219-8903-290a5d27bf55